



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2016

Grafaic Theicniúil Ardleibhéal Roinn B

(280 marc)

**Dé Luain, 20 Meitheamh
Maidin, 9:30 - 12:30**



Treoracha

- (a) *Freagair ceithre cheist ar bith.*
- (b) *Tá na ceisteanna uile sa roinn seo ar aon mharc.*
- (c) *Ní mór uimhir na ceiste a scríobh go soiléir le hais an fhreagra a ghabhann léi.*
- (d) *Ná bain úsáid ach as **taobh amháin** den pháipéar.*
- (e) *Scríobh do scrúduimhir ar gach bileog a úsáideann tú.*

ROINN B. Freagair ceithre cheist ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

1. Taispeántar cló pictiúrtha de chóras MP3 ceoil.
Taispeántar freisin grafaic 3T den chóras ceoil.

- (a) Tarraing ingearchló sa treo ina bhfuil an tsraighead A.
- (b) Teilg bonnchló ón ingearchló.
- (c) Teilg taobhchló sa treo ina bhfuil an tsraighead B.
- (d) Aimsigh fiorchruth an dromchla S.






2. Taispeántar ingearchló, bonnchló agus grafaic 3T de gheataí isteach i bpáirc imeartha. Tá an lógó ar na geataí bunaithe ar pheinteagán rialta ABCDE agus ciocal.

- (a) Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló a thugtar.

Osclaítéar na geataí ar leithligh, geata amháin trí 30° timpeall ar an bpointe O, agus an geata eile trí 45° timpeall ar an bpointe N, mar a thaispeántar leis na línte briste sa bhonnchló.


- (b) Teilg taobhchló de na geataí sa treo ina bhfuil an tsraighead A chun na geataí a thaispeáint sna suíomhanna rothlaithe.



Nóta: Tá an lógó ar dromchla tosaigh amháin de na geataí.


- 3.** Taispeántar na haiseanna aismhéadracha is gá le haghaidh teilgean isiméadrach tóirse. Taispeántar freisin ingearchló agus taobhchló an tóirse agus grafaic 3T de.

- (a) (i) Tarraing na haiseanna aismhéadracha mar a thaispeántar.
(ii) Tarraing an t-ingearchló a thugtar agus é claonta ag 15° mar a thaispeántar.
(iii) Tarraing an taobhchló a thugtar agus é claonta ag 15° mar a thaispeántar.
(iv) Tarraing teilgean aismhéadrach críochnaithe an tóirse.



NÓ




- (b) Tarraing teilgean isiméadrach an tóirse agus úsáid á baint agat as modh an scála isiméadraigh.



- 4.** Taispeántar ingearchló agus bonnchló garda sábháilteachta do struimeálaí gairdín. Tá an garda sábháilteachta comhdhéanta de leathchón barrscoite **A** agus sorcóir **B**, atá barrscoite mar a thaispeántar.

Taispeántar freisin grafaic 3T den gharda.


- (a) Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar.
(b) Teilg taobhchló sa treo ina bhfuil an tsraighead **P**.
(c) Tarraing forbairt an dromchla chónúil **A**.
(d) Tarraing forbairt an dromchla shorcóirigh **B**.



5. Taispeántar san fhíor an dearadh do charachtar fischlúiche.
Tá an cruth faoi réir ag claochluithe san ord seo a leanas:

- Aistriú
- Siméadracht Aiseach
- Siméadracht Lárnach
- Rothlú deiseal trí 90° .

Taispeánann P_1 , P_2 , P_3 agus P_4 suíomhanna phointe P faoi gach ceann de na claochluithe sin.



- (a) Tarraing an fhíor a thugtar.
(b) Aimsigh íomhá na fiorach faoi **gach ceann** de na claochluithe seo.

Nóta: Ní mór na tógálacha céimseatúla uile a thaispeáint go soiléir ar do bhileog líniúchta.

6. Taispeántar san fhíor an dearadh do mhuicín taisce linbh.

Is éilips é an cuar **ABCDE** agus is pointe ar an gcuar é an pointe **B**.

Aimsigh fad na mór-aise agus tarraing an t-éilips.

Is parabóil é an cuar **KMN** lena rinn ag **M**.

Is tadhlaithe iad na línte

PQ agus **RS** don éilips
ó na pointí **P** agus **R**.

Tarraing an
dearadh a
thugtar agus
taispeán go
soiléir na
tógálacha agus
na pointí
teagmhála go
léir.

